

An Bhruiséil, 24 Iúil 2026
(OR. en)

12186/26

DRS 28
ECOFIN 1050
EF 216

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	17 Iúil 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 117053
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 21, Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19 agus Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 29

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 117053.

Faoi iamh: D(2026) 117053



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
[...] (2026) **XXX** draft

D117053/1

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán
Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 21, Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19
agus Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 29**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 21, Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19 agus Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 29

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm¹, agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún², ghlac an Coimisiún caighdeáin chuntasaíochta áirithe agus léirmhínithe áirithe a bhí ann an 8 Meán Fómhair 2022.
- (2) An 13 Samhain 2025, d'eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta leasuithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 21 *'Iarmhartaí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí'* ('IAS 21'), lena soiléirítear an chaoi ar cheart do chuideachtaí ráitis airgeadais a aistriú ó airgeadra neamh-hipearbhoilscitheach go hairgeadra hipearbhoilscitheach.
- (3) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, tá an Coimisiún tagtha ar an gconclúid go gcomhlíonann na leasuithe ar IAS 21 na coinníollacha maidir le glacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.
- (4) Is éard atá i gceist le glacadh na leasuithe ar IAS 21, mar iarmhairt air sin, leasú a dhéanamh freisin ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19 ('IFRS 19') *'Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí'* agus ar IAS 29 *'Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha'*.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1803 a leasú dá réir sin.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

¹ IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj>.

² Rialachán (AE) 2023/1803 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2023 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 237, 26.9.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1803/oj>).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1803 mar a leanas:

- (1) Déantar Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 21 ‘*Iarmhairtí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí*’ a leasú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;
- (2) Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 19 ‘*Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí*’ agus Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 29 ‘*Tuairisciú Airgeadais i nGeilleagair Hipearbhoilscitheacha*’ mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Cuirfidh gach cuideachta an leasú dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027, nó dá éis, ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN